2024/1706

18.6.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1706 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Márta 2024

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 272/2012 a mhéid a bhaineann le comhchuibhiú gnéithe áirithe de na táillí a ghearrann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 272/2012 ón gCoimisiún ([2]), sonraítear cineál na dtáillí, an ríomh, agus na módúlachtaí íocaíochta a mhéid a bhaineann leis na táillí a ghearrann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) ar na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa.

(2) In 2018, le hathbhreithniú Sheirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Choimisiúin agus iniúchadh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ([3]) araon, thángthas ar an gconclúid go mbaineann castacht gan ghá le córas cistiúcháin táillí ESMA. Chun bailiú na dtáillí a shimpliú agus na rioscaí a bhaineann le ríomh mícheart nó leithdháileadh neamhéifeachtúil na dtáillí a laghdú, is gá comhsheasmhacht na ngnéithe teicniúla a áirithiú sna gníomhartha tarmligthe éagsúla maidir le táillí a ghearrann ESMA ar eintitis ar a ndéantar maoirseacht dhíreach.

(3) Chun caiteachas ESMA a bhaineann le maoirseacht na ngníomhaireachtaí rátála creidmheasa a chumhdach go hiomlán, ba cheart na táillí maoirseachta bliantúla a chinneadh ar bhonn an mheastacháin bhliantúil ar na costais dhíreacha uile is gá le haghaidh na gcúraimí maoirseachta a dhéanann ESMA agus ar bhonn cionroinnt réasúnta ar fhorchostais sheasta agus athraitheacha ESMA.

(4) Chun comhsheasmhacht a áirithiú i measc gníomhartha tarmligthe maidir le táillí a íoctar le ESMA, agus chun é a chur ar a chumas do ESMA sonraí láimhdeachais iniúchta a dhiúscairt in am trátha chun meastachán a dhéanamh ar tháillí atá dlite ag gníomhaireachtaí rátála creidmheasa do ESMA, ba cheart gurbh í bliain tagartha na gcuntas iniúchta chun an láimhdeachas is infheidhme a chinneadh an bhliain atá 2 bhliain roimh an mbliain ar ina leith a ghearrann ESMA táillí ar an ngníomhaireacht rátála creidmheasa.

(5) Ba cheart do ESMA a bheith in ann a bhuiséad bliantúil a bhunú in am, bunaithe ar shonraí láimhdeachais deimhnithe. Chun ríomh na dtáillí ag ESMA a éascú, ba cheart do ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa cuntais iniúchta ina bhfuil miondealú ar sheirbhísí lárnacha agus seirbhísí coimhdeacha a chur isteach. Ba cheart spriocdháta a leagan síos faoina gcaithfidh gníomhaireachtaí rátála creidmheasa a gcuntais iniúchta a chur faoi bhráid ESMA.

(6) Déantar láimhdeachas is infheidhme na ngníomhaireachtaí rátála creidmheasa a ríomh in euro. Is gá, dá bhrí sin, sásra a shonrú chun ioncam a ghintear in airgeadraí eile a chomhshó in euro.

(7) Chun comhsheasmhacht a áirithiú sna gníomhartha tarmligthe maidir le táillí atá le híoc le ESMA, ba cheart do ESMA pionós i gcás íocaíochtaí déanacha a ríomh i gcomhréir leis na forálacha maidir le hús mainneachtana a leagtar amach in Airteagal 99 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

([1]) IO L 302, 17.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1060/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 272/2012 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2012 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táillí a ghearrann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa (IO L 90, 28.3.2012, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2012/272/oj).

([3]) An Chúirt Iniúchóirí, An tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2018 (IO C 417, 11.12.2019, lch. 29 agus p.85 ff1).

([4]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).

(8) I gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún ([5]), ba cheart na táillí a ghearrtar ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa a shocrú ar leibhéal lena n-áirithítear go gcumhdaítear costas iomlán na seirbhísí arna gcur ar fáil ag ESMA agus go seachnaítear easnamh, ach go seachnaítear ag an am céanna carnadh suntasach barrachais. Má thagann toradh suntasach ar an mbuiséad chun bheith athfhillteach, ar bhonn dearfach nó diúltach, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na dtáillí.

(9) Chun an bainistiú táillí a shimpliú a thuilleadh agus chun a áirithiú go mbeidh na cistí is gá ag ESMA chun na gníomhaíochtaí maoirseachta atá beartaithe aige a dhéanamh, ba cheart táillí maoirseachta bliantúla a íoc in aon tráthchuid le linn na chéad 3 mhí den bhliain féilire dá bhfuil na táillí sin dlite. Níor cheart táillí maoirseachta bliantúla a aisíoc.

(10) Leis an táille chlárúcháin, tá sé i gceist go gcumhdófaí na costais a thabhaíonn ESMA chun scrúdú a dhéanamh i dtaobh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an ghníomhaireacht rátála creidmheasa lena mbaineann na coinníollacha ar fad. Nuair a tharraingíonn gníomhaireacht rátála creidmheasa is iarrthóir a iarratas siar, beidh ESMA tar éis costais a thabhú cheana agus níor cheart aon oibleagáid a bheith air táillí a bhaineann leis sin a aisíoc da bhrí sin.

(11) Chun táille mhaoirseachta iomarcach a sheachaint sa bhliain ina chláraíonn gníomhaireacht rátála creidmheasa, ba cheart do ghníomhaireacht rátála creidmheasa cláraithe táille maoirseachta tosaigh a íoc, táille ar cheart a bheith comhréireach leis an tréimhse ama sa chéad bhliain sin ar lena linn a cláraíodh an ghníomhaireacht rátála creidmheasa.

(12) An costas riaracháin a bhaineann le táille mhaoirseachta na chéad bhliana le haghaidh gníomhaireacht rátála creidmheasa a cláraíodh i mí na Nollag, níl an costas sin comhréireach leis an táille sin. Dá bhrí sin, ba cheart gníomhaireacht rátála creidmheasa a chláraigh i mí na Nollag a bheith díolmhaithe ón gceanglas maidir le táille mhaoirseachta bhliantúil a íoc le haghaidh na bliana inar cláraíodh an ghníomhaireacht rátála creidmheasa.

(13) Chun íocaíocht na dtáillí deimhniúcháin a shimpliú, ba cheart 50 % den táille a aisíoc i gcás ina dtarraingíonn gníomhaireacht rátála creidmheasa a hiarratas siar sula dtugann ESMA fógra faoi iomláine an iarratais. Má tharraingíonn gníomhaireacht rátála creidmheasa a hiarratas siar tar éis do ESMA fógra a thabhairt don ghníomhaireacht rátála creidmheasa go bhfuil an t-iarratas iomlán, níor cheart an táille dheimhniúcháin a aisíoc. Níor cheart do ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa cláraithe táille mhaoirseachta bhliantúil a íoc i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 272/2012 sa bhliain ar lena linn a thagann a deimhniúchán i bhfeidhm.

(14) Chun neamhdheimhneacht dhlíthiúil a sheachaint maidir leis an bpróiseas leanúnach bailithe táillí, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2025.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 272/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 272/2012

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 272/2012 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

Gnóthú costas maoirseachta ina n-iomlán

Leis na táillí a ghearrtar ar ghníomhaireacht rátála creidmheasa, cumhdófar an méid seo a leanas:

(a) na costais dhíreacha agus indíreacha uile a bhaineann leis an maoirseacht a dhéanann ESMA ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa i gcomhréir le Rialachán (CE) 1060/2009, lena n-áirítear na costais a eascraíonn as clárúchán agus deimhniúchán na ngníomhaireachtaí rátála creidmheasa;

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj).

(b) na costais uile a bhaineann le haisíocaíocht chostais dhíreacha agus indíreacha na n-údarás inniúil ar chucu a tharmlig ESMA cúraimí i gcomhréir le hAirteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009;

(c) na costais uile a bhaineann le haisíocaíocht chostais dhíreacha agus indíreacha na n-údarás inniúil a thug cúnamh do ESMA i gcomhréir le hAirteagal 23c(4) agus Airteagal 23d(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009.';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'*Airteagal 3*

Láimhdeachas is infheidhme

1. Chun na táillí a ríomh dá dtagraítear in Airteagal 5, Airteagal 7(1) agus Airteagal 11(1) agus (2), ioncaim gníomhaireachtaí rátála creidmheasa a bheidh sa láimhdeachas is infheidhme le haghaidh bliain airgeadais ar leith (n) mar a fhoilsítear ina gcuntais iniúchta den bhliain n-2 a ghintear ó ghníomhaíochtaí rátála agus ó sheirbhísí coimhdeacha.

2. Más rud é nár oibrigh an ghníomhaireacht rátála creidmheasa le linn na bliana iomláine (n-2), measfar an t-ioncam is infheidhme tríd an méid sin a eachtarshuíomh le haghaidh na bliana airgeadais ar fad.

3. Déanfaidh gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, ar bhonn bliantúil, cuntais iniúchta dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil do ESMA. Leis na cuntais sin, déanfar idirdhealú idir ioncaim a ghintear ó ghníomhaíochtaí rátála agus seirbhísí coimhdeacha agus cuirfear na cuntais sin faoi bhráid ESMA ar mhodh leictreonach faoin 30 Meán Fómhair gach bliain (n-1).

4. I gcás ina dtuairiscítear na hioncaim dá dtagraítear i mír 1 in airgeadra seachas euro, déanfaidh ESMA an t-ioncam sin a chomhshó go euro agus úsáidfear an meánráta malairte eachtraí euro is infheidhme maidir leis an tréimhse inar taifeadadh an t-ioncam. Chun na críche sin, úsáidfidh ESMA ráta tagartha malairte eachtraí euro arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach.';

(3) in Airteagal 4(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Tabhófar le haon íocaíocht déanach an t-ús mainneachtana a leagtar síos in Airteagal 99 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

_____

(*) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).';

(4) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (b):

'(b) is é a bheidh sa mhéid ábhartha chun an táille mhaoirseachta bhliantúil a ríomh le haghaidh bliain airgeadais ar leith meastachán ar an gcaiteachas dá dtagraítear i bpointe (a) a laghdaítear leis an táille maoirseachta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 7;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Íocfar an táille mhaoirseachta bhliantúil in aon tráthchuid amháin, a bheidh dlite tráth nach déanaí ná deireadh mhí Mhárta na bliana lena mbaineann.

Seolfaidh ESMA nótaí dochair chuig na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa lena mbaineann lena sonraítear méid na táille maoirseachta ar a laghad 30 lá roimh an lá a bhfuil na táillí bliantúla le híoc.

Ní aisíocfar an táille maoirseachta bhliantúil.';

(5) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7 agus mhír 8:

'7. Ní aisíocfaidh ESMA táille chlárúcháin a íocadh más rud é go dtarraingíonn gníomhaireacht rátála creidmheasa a hiarratas ar chlárúchán siar sula nglacann ESMA an cinneadh réasúnaithe aonair chun clárúchán a dhéanamh nó a dhiúltú.

8. De mhaolú ar Airteagal 5, gníomhaireacht rátála creidmheasa cláraithe a bhfuil sé de cheangal uirthi táille mhaoirseachta bhliantúil a íoc i gcomhréir le hAirteagal 5(1), íocfaidh sí táille mhaoirseachta tosaigh, i mbliain a clárúcháin, arna ríomh mar seo a leanas:

*táille chéad bhliana gníomhaireachta rátála creidmheasa cláraithe = (táille chlárúcháin * comhéifeacht)*

$$\text{Comhéifeacht} = \frac{\textit{líon na laethanta féilire ó dháta an chláraithe go dtí an 31 Nollaig i mbliain (n)}}{\text{líon na laethanta féilire i mbliain (n)}}$$

Íocfaidh gníomhaireachtaí rátála creidmheasa táille maoirseachta na chéad bhliana tar éis dóibh fógra a fháil ó ESMA gur éirigh lena gclárúchán agus laistigh de 30 lá féilire ó dháta eisiúna nóta dochair ESMA.

Mar sin féin, más rud é go bhfuil gníomhaireacht rátála creidmheasa cláraithe le linn mhí na Nollag, ní bheidh sé de cheangal ar an gníomhaireacht rátála creidmheasa sin táille mhaoirseachta bhliantúil a íoc le haghaidh na bliana inar cláraíodh an ghníomhaireacht.';

(6) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Beidh táille mhaoirseachta bhliantúil gníomhaireachta rátála creidmheasa deimhnithe dlite faoi dheireadh mhí Mhárta na bliana lena mbaineann. Seolfaidh ESMA sonrasc ina sonrófar méid na táille maoirseachta chuig gníomhaireacht rátála creidmheasa dheimhnithe 30 lá féilire ar a laghad roimh an dáta sin,';

(7) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

'3. Más rud é go dtarraingíonn gníomhaireacht rátála creidmheasa a hiarratas ar dheimhniúchán siar sula dtugann ESMA fógra don ghníomhaireacht sin, i gcomhréir le hAirteagal 15(4), an dara fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, ar fógra é ina ndeirtear go bhfuil an t-iarratas iomlán, aisíocfaidh ESMA leath na táillí deimhniúcháin. Más rud é go dtarraingítear an t-iarratas siar tar éis an dáta sin, ach sula nglacann ESMA an cinneadh réasúnaithe deimhniúchán a dhéanamh nó a dhiúltú, ní aisíocfaidh ESMA an táille dheimhniúcháin.

4. De mhaolú ar Airteagal 7, gníomhaireacht rátála creidmheasa deimhnithe a bhfuil sé de cheangal uirthi táille mhaoirseachta bhliantúil a íoc de bhun Airteagal 7(1), beidh an ghníomhaireacht sin díolmhaithe ón táille maoirseachta a íoc sa bhliain ar lena linn a thagann a deimhniúchán i bhfeidhm.

Tiocfaidh an táille mhaoirseachta bhliantúil chun a bheith iníoctha ag an ngníomhaireacht rátála creidmheasa dheimhnithe sa bhliain tar éis bhliain a dheimhnithe ag ESMA i gcomhréir le hAirteagal 7.'.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN